Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Márta 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0227(COD)

6789/20
ADD 1

| | |
|---|---|
| TELECOM 35 | CYBER 38 |
| AUDIO 13 | JAI 236 |
| CULT 19 | DIGIT 19 |
| EDUC 100 | DATAPROTECT 31 |
| COMPET 121 | DAPIX 1 |
| RECH 103 | FREMP 22 |
| IND 38 | RELEX 212 |
| MI 79 | CADREFIN 32 |
| ESPACE 12 | CODEC 179 |

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfar RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240<br>– Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 6 Meitheamh 2018, ghlac an Coimisiún an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh na tréimhse 2021-2027[1] mar cheann de na tograí a bhaineann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (dá ngairtear: CAI anseo feasta), atá le fáil sa chaibidil 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach'.

2. I bParlaimint na hEorpa, roghnaíodh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) mar choiste ceannais. Chaith an coiste vóta i ndáil lena dhréacht-tuarascáil an 21 Samhain 2018. Daingníodh an tuarascáil ag an seisiún iomlánach an 12 Nollaig 2018[2].

3. An 4 Nollaig 2018, ghlac an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh cur chuige ginearálta páirteach[3]. Níor áiríodh gnéithe áirithe sa chur chuige ginearálta, go háirithe forálacha lena ngabhann impleachtaí buiséadacha nó de chineál cothrománach, nó forálacha a bhaineann le pléití atá ar feitheamh i gcomhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle maidir le tograí reachtacha eile. Marcáladh na heilimintí sin le lúibíní cearnacha sa téacs.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 17 Deireadh Fómhair 2018[4].

5. Ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim an 5 Nollaig 2018[5].

6. An 8 Feabhra 2019, d'iarr an Uachtaránacht ar Coreper sainordú[6] a thabhairt di chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Tionóladh an cruinniú tríthaobhach an 13 Feabhra 2019 in Strasbourg agus tháinig na comhreachtóirí ar chomhthuiscint maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh na tréimhse 2021-2027. Níor áiríodh na gnéithe atá idir lúibíní sa téacs ar an gcomhthuiscint.

Commented [RR1]: Dáta ar line amháin

[1] 10167/18 + ADD 1
[2] P8_TA(2018)0521
[3] 14488/18 REV 1
[4] CESE 2018/03902
[5] COR 2018/03951
[6] 5989/19 COR 1

7. An 13 Márta 2019, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an chomhthuiscint ar ar thángthas ag an gcruinniú tríthaobhach, agus d'aithin sé, ag an am céanna, go gcuirfí tús arís leis an obair le Parlaimint na hEorpa a luaithe a bheadh sainordú ag an gComhairle maidir le gnéithe uile an togra.

8. Ar bhonn na comhthuisceana, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 17 Aibreán 2019[7].

9. Sna conclúidí uaithi an 21 Iúil 2020[8], d'eisigh an Chomhairle Eorpach an treoir pholaitiúil le haghaidh na gcomhad uile a bhaineann le CAI. I bhfianaise an mhéid sin, thug Coiste na mBuanionadaithe sainordú[9] don Uachtaránacht an 7 Deireadh Fómhair 2020 le dul i mbun caibidlíochta an athuair le Parlaimint na hEorpa d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs ina iomláine.

Commented [RR2]: Dáta

10. Tionóladh an dara cruinniú tríthaobhach an 14 Nollaig 2020 i bhformáid fhíorúil. Le linn an chruinnithe thríthaobhaigh sin, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú sealadach maidir leis na saincheisteanna uile a bhí fós gan réiteach.

11. An 18 Nollaig 2020, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh deiridh sin d'fhonn teacht ar chomhaontú[10].

12. An 14 Eanáir 2021, d'fhormhuinigh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) i bParlaimint na hEorpa an téacs comhréitigh deiridh. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á thabhairt le fios, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle a seasamh mar a comhaontaíodh le linn na gcruinnithe tríthaobhacha a tharchur go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa, faoi réir a fhíoraithe ag na dlítheangeolaithe, go molfadh sé don Seisiún Iomlánach seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh gan leasuithe ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa.

7 P9_TA-PROV(2019)0403
8 00010/20
9 11293/20
10 13835/20.

## II. CUSPÓIR

13. Is é is aidhm ghinearálta don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh na tréimhse 2021-2027 ionstraim chaiteachais a bhunú le go mbainfidh saoránaigh, gnólachtaí agus riaracháin phoiblí an Aontais an leas is fearr as an gclaochlú digiteach, eadhon trí acmhainneachtaí digiteacha an Aontais a neartú i gcúig phríomhréimse (ar a dtugtar 'cuspóirí sonracha'): an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, an intleacht shaorga, an chibearshlándáil agus iontaoibh, ardscileanna digiteacha agus an cur in úsáid, úsáid is fearr na n-acmhainní digiteacha agus idir-inoibritheacht.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

**Barúlacha ginearálta**

14. D'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an Rialachán, chuaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i mbun caibidlíochta féachaint le teacht ar chomhaontú ar an dara léamh, bunaithe ar an seasamh ón gComhairle ar an gcead léamh, a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas sa riocht sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar ar tháinig na comhreachtóirí.

15. Tagann an Chomhairle leis na cuspóirí agus leis na prionsabail a leagtar amach sa seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus tacaíonn sí le struchtúr an Chláir, rud a chuideoidh lena chuspóirí a bhaint amach.

16. *Moil Nuálaíochta Digití:* Comhaontaíonn an Chomhairle leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh gur cheart na Moil Nuálaíochta Digití a ainmniú trí phróiseas oscailte iomaíoch.

17. *Srianta slándála:* Tacaíonn an Chomhairle leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh i ndáil le srianta slándála a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí faoi Intleacht Shaorga agus Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta. Comhaontaíonn an Chomhairle go bhféadfar a fhoráil sna cláir oibre go bhféadfaí eintitis a rialaítear ó thríú tíortha a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí faoin dá chuspóir shonracha sin má chomhlíonann siad na coinníollacha a bhaineann le slándáil a leagtar amach sa chlár oibre, agus sa chás sin amháin.

18. *Eitic:* Tá an Chomhairle i gcomhréir leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha i ndáil le saincheisteanna eiticiúla le haghaidh an chuspóra shonraigh 'Intleacht Shaorga'. I gcás na Comhairle, tá sé tábhachtach freisin á áirithiú go gcuirfear na prionsabail eiticiúla san áireamh i ngníomhaíochtaí éagsúla faoin gcuspóir seo, agus dá bhrí sin, comhaontaíonn an Chomhairle le forálacha níos mionsonraithe a chur isteach maidir le heitic , lena n-áirítear, an fhéidearthacht go ndéanfadh an Coimisiún seiceálacha eitice agus an fhéidearthacht cistiú a chur ar fionraí, a laghdú nó deireadh a chur leis.

19. *Deontais chomhlántacha:* Comhaontaíonn an Chomhairle leis an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh go bhféadfadh deontais faoin gClár don Eoraip Dhigiteach suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach, gan dochar do phrionsabail an chómhaoinithe.

**Commented [RR3]:** Más féidir cur ó Pharlaimint na hEorpa ar line amháin

**Barúlacha sonracha**

20. Ag an gcruinniú tríthaobhach deiridh an 14 Nollaig 2020, d'éirigh leis na comhreachtóirí teacht ar chomhréiteach maidir leis na saincheisteanna a leanas a bhí fós gan réiteach.

21. *Leithdháileadh buiséid ar chuspóirí sonracha:* Chomhaontaigh na comhreachtóirí leithdháileadh bhuiséad an chláir a chur in oiriúint don chúig chuspóir shonracha tríd an laghdú céanna a dhéanamh i gcás gach cuspóra (17.47 %) mar a bheadh do bhuiséad iomlán an chláir. Ar an gcaoi sin, beifear in ann ualú agus cothromaíocht an togra bhunaidh a choimeád.

22. *Fad an chláir:* Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le fad an Chláir don Eoraip Dhigiteach. Bunaítear le hAirteagal 1 an clár don tréimhse atá i gcomhréir le fad an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

23. *Cláir oibre:* Chomhaontaigh na comhreachtóirí téacs na bhforálacha a bhaineann le húsáid gníomhartha cur chun feidhme chun cláir oibre le haghaidh gníomhaíochtaí a ghlacadh faoi bhainistíocht dhíreach. Comhaontaíodh freisin na forálacha sin a chomhcheangal le modhnuithe lena dtugtar dearbhuithe breise go mbeidh inneachar na gclár oibre a bheidh ann amach anseo fréamhaithe go daingean in Airteagail 4-8 den Rialachán, agus go mbeidh mór-threoirlínte ó Iarscríbhinn I infheidhme le linn thréimhse an chláir. Thairis sin, chomhaontaigh na comhreachtóirí go n-áireofaí an fhéidearthacht gníomhartha tarmligthe a úsáid chun Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta.

24. *Rannpháirtíocht tríú tíortha:* Chomhaontaigh na comhreachtóirí coincheap an chomhlachais pháirtigh a thabhairt isteach sa Rialachán, eadhon comhlachas tríú tíortha le líon teoranta cuspóirí sonracha arna saothrú faoin gClár don Eoraip Dhigiteach.

## IV. <u>**CONCLÚID**</u>

25. Is léiriú iomlán ar an gcomhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir ionadaithe na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, arna éascú ag an gCoimisiún, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh na tréimhse 2021-2027.

26. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

– an ráiteas seo ar chúiseanna na Comhairle maidir lena seasamh ar an gcéad léamh a fhormhuiniú, agus

– an ráiteas seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

27. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa a seasamh ar an dara léamh a ghlacadh, lena ndéantar formheas gan leasú ar an seasamh ón gComhairle, tiocfaidh an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh na tréimhse 2021-2027 i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.